# Comhordanáidí 1: Toraíocht Taisce

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ar chlé, ar dheis, suas, síos, x-ais, y-ais, pointe, greille, ceathrú, comhordanáid |
| **Áiseanna** | páipéar cearnógach, pinn luaidhe, rialóirí, Uirlis Sórtála Mol Mata (greille), cluiche Mol Mata ar líne |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

An chéad cheathrú in úsáid aige, míníonn an múinteoir go n-úsáidtear comhordanáidí chun an áit a dtrasnaíonn dhá phointe ar ghreille a shainaithint. Léiríonn an chéad uimhir cén fhad atá chun bogadh ar dheis, agus léiríonn an dara huimhir cén fhad atá chun bogadh suas nó síos an ghreille. Ansin, tugann an múinteoir treoracha do na daltaí chun pointí a bhreacadh ar ghreille, rud a chruthóidh cruthanna difriúla 2T nuair a chuirfear le chéile iad.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ina mbeirteanna athdhéanann daltaí Gníomhaíocht 1, tugann siad treoracha, breacann siad pointí agus foirmíonn siad cruthanna ar an ngreille chomhordanáidí ar a seal.

### 3 Gníomhaíocht 3

Comhordanáidí sa chéad cheathrú in úsáid acu, dearann daltaí léarscáil taisce, cuireann siad píosaí taisce ag pointí dá rogha féin. Ansin, iarrann siad ar a gcomhscoláire a thomhas cén áit a bhfuil an taisce trí chomhordanáidí a ainmniú. Tugann siad aiseolas dá gcomhscoláire gach uair a thomhaiseann sé/sí, ag léiriú cén fhad atá siad ón dtaisce. Ansin, malartaíonn siad róil agus déanann siad an ghníomhaíocht arís.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An féidir leat an cruth a dhéanfaidh muid a thuar?<br>• Cén pointí ina luíonn an triantán?<br>• Cén cruth atá le feiceáil ag Pointí ___?<br>• Cén fhad ar dheis atá orm bogadh chun Pointe ___ ar an ngreille a bhaint amach?<br>• Cén fhad atá sé ó Phointe ___ go Pointe ___ ar an ngreille? | • Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a thug tú leideanna do do chomhscoláire?<br>• An raibh sé níos éasca treoracha a thabhairt nó a leanúint? Cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh?<br>• Cad a d'fhoghlaim tú faoi chomhordanáidí sa ghníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh cruthanna agus líon comhordanáidí/treoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.